



Bainisteoir Sainspiorad & Athchumraithe

Is é An Foras Pátrúnachta an pátrún is mó ar ghaelscoileanna in Éirinn. I mbliana, beidh 17,000 dalta ag freastal ar ár 79 scoil ar fud na tíre. Creideann AFP i rogha agus éagsúlacht a sholáthar do thuismitheoirí inár gcóras scoile. Tá scoilphobail ag éilimh breis éagsúlachta ó scoileanna maidir le sainspioraid agus dá bharr tá An Foras Pátrúnachta ag ceapadh Bainisteoir Sainspiorad & Athchumraithe chun tacú le scoileanna freastal ar an éileamh éagsúlachta seo.

An Ról:

Is ról sinsearach in earnáil an oideachais é seo agus is mian linn duine fuinniúil, cumasach a cheapadh a stiúrfaidh agus a bhainisteoidh an próiseas forbartha do scoileanna mar gheall ar a sainspioraid sa trí bliana atá romhainn. Tacófar le scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar a sainspioraid reatha i gcomhthéacs na n-éileamh éagsúil ó phobail na scoileanna. Pléifear na roghanna atá ar fáil do scoileanna maidir lena sainspioraid, agus conas forbairt i dtreo múnla nua má ghlacann an scoilphobal an cinneadh sin.

Dualgais:

- Plean Gníomhaíochta agus Cumarsáide a ullmhú
- Próisis chomhairliúcháin a eagrú le scoileanna
- Clár & Ábhar tacaíochta a fhorbairt
- Plean Forbartha Sainspioraid a éascú do scoileanna
- Feidhmeoidh an Bainisteoir Sainspiorad & Athchumraithe mar chomhairleoir, éascaitheoir agus idirghabhálaí maidir le gach gné den phróiseas.
- Tuairisciú do Bhord Stiúrtha agus d'Ard-Rúnaí An Fhorais Phátrúnachta
- Buiséad a bhainistiú agus tuairiscí a thiomsú don Roinn Oideachais
- Tacú leis an oifig náisiúnta de réir mar is gá

Cáilíochtaí inmhianta:

- Ardchaighdeán Gaeilge idir labhairt agus scríobh (Cáilíocht TEG ina bhuntáiste)
- Saintuiscint ar an nGaeiloideachais
- Tuiscint chuimsitheach ar chóras oideachais na hÉireann
- Taithí inléirithe ar thionscadal oideachasúil a chomhordú/a bhainistiú

Conradh 3 Bliana ar Iasacht atá i gceist de réir Ciorclán 29/2018 na Roinne - [SCÉIM IASACHTA DO MHÚINTEOIRÍ CLÁRAITHE i mBUNSCOILEANNA AGUS in IAR-BHUNSCOILEANNA AITHEANTA](#).

Coinneoidh an té a cheapfar pé scála tuarastail agus liúntais atá aige/aici ina p(h)ost reatha.

Tá ceanncheathrú AFP lonnaithe i Maigh Nuad, Co. Chill Dara agus beidh meascán d'obair oifige sa cheanncheathrú, taisteal chuig scoileanna agus cianobair i gceist.

Iarratais:

Seol c.v. agus litir iarratais ar ríomhphost go caoimhin@foras.ie faoi 5.00 i.n. an 18/06/2021. **Bíodh Bainisteoir Sainspiorad & Athchumraithe i Líne an Ábhair.**